Leabhrán FGL – FGL Ábhair Ar Líne 2021

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Leabhrán FGL-

# *Corpoideachas agus Folláine laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach*

Ionad Oideachais Mhuineacháin

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

www.jct.ie

## Leathanach Ábhair


Ábhair cheardlainne agus naisc físe don cheardlann FGL 3

Cuid 1: Nuashonruithe 4
- Corpoideachas laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach 4
- Forbairtí Curaclaim i gCorpoideachas sa tSraith Shóisearach amach anseo 4

Cuid 2: Teagasc agus Foghlaim sa seomra ranga Corpoideachais ina mbíonn scaradh fisiceach 4
- Tacaíocht chun Filleadh ar Scoil (Samhradh 2020) 4
- Sraith de Sheiminéair Ghréasáin SSM don Chorpoideachas 5

Cuid 3: Measúnú sa seomra ranga Corpoideachais ina mbíonn scaradh fisiceach 6
- Chorpoideachas sa tSraith Shóisearach – Príomhdhoiciméid 6
- Measúnú Foirmitheach sa Chorpoideachas 7
- Straitéisí Seomra Ranga chun cabhrú le rannpháirtíocht ghníomhach 10

Cuid 3: Tuairisciú éifeachtach chun tacú le caighdeán an teagaisc agus na foghlama 11
- Sraith de Sheiminéair Ghréasáin SSM don Chorpoideachas 11
- Tuairisciú sa tSraith Shóisearach Corpoideachas chun tacú le caighdeán an teagaisc agus na foghlama 11
- Na hocht bprionsabail de thuairisciú éifeachtach 13
- Phrionsabail de thuairisciú i bhfócas: Meas a léiriú ar bhreithleanna gairmiúla múinteoirí 13
- Phrionsabail de thuairisciú i bhfócas: A bheith inláimhsithe agus gan am a bhaint den fhoghlaim agus teagasc 14
- Cuir chuige scoilbhunaithe eile i leith an mheasúnaithe agus an tuairiscithe
- Samplaí de thuairisciú sa chorpoideachas
- Foghlaim scoláirí sa Chorpoideachas a phróifíliú ar an PGSS 17

Aguisíní 18
- Aguisín A: Na torthaí foghlama as an gearrchúrsa corpoideachais atá forbartha ag CNCM 18
- Aguisín B: Measúnú Rangbhunaithe sa Chorpoideachas (gearrchúrsa) 20
- Aguisín C: Cur chuige chun cabhrú le pleanáil chomhoibríoch laistigh sa chorpoideachas 21
- Aguisín D: Achoimre Cúrsa Shamplaigh 23
- Aguisín E: Tacú chun guth na scoláirí a chur chun cinn 25
- Aguisín F: An Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) 26
- Aguisín G: Fadhbcheartú: Na hamhairc is fearr agus muid sna Seomraí ar an Imeall 27

Suímh Idirlín Úsáideacha 28


## Aiseolas




Cuirimid fáilte roimh aiseolas ar cheardlann an lae inniu trí https://jctregistration.ie/Feedback

Cliceáil ar *'Aiseolas/Feedback'* sa chúinne ar dheis ag an mbarr (le táibléad, cliceáil ar 'Roghchlár' ag an mbarr sa lár chun teacht air sin)

Ansin, roghnaigh *'Lá Cnuasghruapa/Cluster Day'*, agus sainaithin *'Corpoideachais/Physical Education'* mar d'ábhar.

Cuir isteach d'aiseolas

Ná déan dearmad cliceáil ar *'Cuir ar ais Aiseolas/Submit Feedback'* chun críochnú

## Ábhair cheardlainne agus naisc físe don cheardlann FGL

www.jct.ie

Is féidir breathnú anseo ar gach ábhar dár gceardlann, lena n-áirítear an Leabhrán FGL https://www.jct.ie/leagangaeilge/wellbeing/physical_education/cpd_workshops_2020_2021_ga

## Nascanna Físeáin

*Seisiún ar maidin*

Is féidir teacht ar an bhfíseán gearr dar teideal **Seisiún intreorach ar úsáid an ardáin Zoom** anseo https://youtu.be/dm7GVXCuVqI

Ostáladh an seimineár gréasáin **Fostering resilience and supporting active engagement** i mí Dheireadh Fómhair 2020, agus na scoileanna ag oscailt arís i ndiaidh dhúnadh éigeandála náisiúnta ó mhí an Mhárta 2020 mar gheall ar phaindéim Covid 19. Is féidir teacht ar an gcuid a bhí ag Denise Stenson, Ballinamore Community School, Béal an Átha Móir, Contae Liatroma anseo… https://youtu.be/S3yKqLw7D-Q

*Seisiún lár na maidine*

D'oibrigh an SSM le múinteoir Corpoideachais i Meánscoil Shailéarna, Gaillimh le déanaí chun iniúchadh a dhéanamh ar úsáid an **mheasúnaithe fhoirmiúil** chun cabhrú leis an bhfoghlaimeoir sa seomra ranga Corpoideachais ina mbíonn scaradh fisiceach

Sa chéad físeán anseo…, cén chaoi a roinntear na hintinní foghlama, agus a sainaithnítear na critéir ratha leis na foghlaimeoirí? https://youtu.be/KJRD1ouhzjU

Sa dara físeán anseo…, conas a chuirtear aiseolas ar fáil do na foghlaimeoirí chun cabhrú lena bhfoghlaim? Agus, cad iad na cleachtais a spreagann na foghlaimeoirí chun seilbh a ghlacadh ar a gcuid foghlama?

https://youtu.be/5hO2apezhCQ

*Seisiún tráthnóna*

Sna físeáin seo, labhraíonn múinteoirí faoina gcur chuige i leith measúnaithe agus tuairiscithe i gcomhthéacs an chéad téarma sa bhliain acadúil 2020 / 21, agus na scoileanna ag oscailt arís i ndiaidh dhúnadh éigeandála náisiúnta ó mhí an Mhárta 2020 mar gheall ar phaindéim Covid 19.

Beidh deis agat éisteacht le múinteoir ó Mheánscoil Gharman, Inis Córthaidh, Contae Loch Garman anseo… https://youtu.be/qeKlsxiZ2sc

Chomh maith le Meánscoil Gharman, Inis Córthaidh, Contae Loch Garman, labhair ceithre scoil eile faoina gcur chuige i leith an mheasúnaithe

- Coláiste Shruthán na Coille, Bré, Co. Chill Mhantáin
- Loreto College, Carraig an tSionnaigh, BAC 18
- Abbey Vocational School, Dún na nGall
- Ballinamore Community School, Contae Liatroma

Is féidir iad a fháil anseo…

## Cuid 1: Nuashonruithe

### Corpoideachas laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach

In **oideachas na sraithe sóisearaí** cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Cruthóidh **Folláine** deiseanna foghlama chun cur le folláile agus teacht aniar fisiciúil, meabhrach, mothúchánach agus sóisialta scoláirí, agus cuirfear arc humas scoláirí scileanna saoil a fhorbairt mar aon le tuiscint láidir a fhorbairt ar a gcógnas leis and scoil agus lena bpobal. Leagfar béim freisin ar ról scoláirí ina dteaghlach, sa phobal agus sa tsochaí I gcoitinne. Clúdóidh an t-achar foghlama seo foghlaim a bhain go traidisiúnta le Corpoideachas, OSPS agus OSSP. Beidh sé mar rogha ag scoil achair eile a chlúdach ina soláthar don Fholláine.

Tá sé mar **aidhm ag chorpoideachais** an scoláire a fhorbairt mar rannpháirtí eolach, sciliúil agus cruthaitheach atá muiníneach agus inniúil chun réimse gníomhaíochtaí a dhéanamh go sábháilte. Tá mar aidhm ag an gcúrsa cur le léirthuiscint an scoláire don tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht choirp a fheabhsaíonn an tsláinte agus tiomantas a chothú di anois agus amach anseo.

Cuireann **an gearrchúrsa** le foghlaim thábhachtach i gclár Folláine na scoile laistigh den tsraith shóisearach. Mar thoradh ar a fhoghlaim sa chorpoideachas ba chóir go mbeidh an scoláire níos ábalta agus níos spreagtha gníomhaíocht choirp rialta a bheith ina shaol, ag cur mar sin lena fholláine ar fad.

### Forbairtí Curaclaim i gCorpoideachas sa tSraith Shóisearach amach anseo

Comharthaíonn Ciorclán 76/2020 forbairt eile a bhfuil fáilte roimhe i gCorpoideachas sa tSraith Shóisearach, mar iarradh ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) freisin clár 135 huaire an chloig a ullmhú don Chorpoideachas.


Is é an CNCM a dhéanfaidh an obair thar an gcuid eile den bhliain acadúil seo, agus beidh comhairliúchán ina phríomhghné den phróiseas. Ba mhór ag an CNCM d'aiseolas mar mhúinteoir cleachtach Corpoideachais roinnt uaireanta le linn an phróisis. Is féidir an Doiciméad Eolais agus mionsonraí an phróisis chomhairliúcháin a fháil anseo…


## Cuid 2: Teagasc & Foghlaim sa seomra ranga Corpoideachais ina mbíonn scaradh fisiceach

### Tacaíocht chun Filleadh ar Scoil  (Samhradh 2020)

Is féidir teacht ar an leathanach gréasáin uileghabhálach *Ar ais ar Scoil,* atá ar fáil trí gov.ie, ar fáil anseo…








Is féidir teacht ar an **Treoir don Fhilleadh ar an Scoil d'Ábhair Phraiticiúla in Iar-Bhunscoileanna agus i Lárionaid Oideachais**, a d'fhorbair an Roinn Oideachais agus Scileanna (Lúnasa 2020), anseo… *(scrollaigh síos go dtí an 12ú cáipéis sa liosta). Tá treoir shonrach don chorpoideachas ar fáil ó lch.8-10.*

Is féidir teacht ar an seimineár gréasáin thuas '**Ag filleadh ar scoil tar éis Dhúnadh na Scoileanna de bharr Covid-19'**, chomh maith leis an tsraith uirlisí dar teideal **'Ag tacú le Folláine Phobal na Scoile: Ag filleadh ar scoil tar éis Dhúnadh na Scoileanna de bharr Covid-19'**,  an dá cheann forbartha ag An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (Lúnasa 2020), anseo… *(scrollaigh síos go dtí 'Tacú le Folláine Pobail Scoile agus na Scoileanna ag Athoscailt' agus 'Seimineár Greasáin Folláine do bhunscoile')*

### Sraith de Sheimineáir Ghréasáin SSM don Chorpoideachas









Ostáladh an seimineár gréasáin **Supporting student goalsetting for, and reflection on, physical activity during this challenging time** i mí Eanáir 2021. Is féidir breathnú ar thaifeadadh den seimineár gréasáin anseo…

Is féidir teacht ar an gcuid a bhí ag

- Méabh Corr, St. Kevin's Community College, Dún Luáin, Contae Chill Mhantáin anseo…
- Anna Nolan, Creagh College, Guaire, Contae Loch Garman anseo…
- Gary Goldrick, College of the Immaculate Conception, Summerhill College, Sligeach anseo…
- Anna Murphy, Causeway Comprehensive School, Contae Chiarraí anseo…
- Brian O'Reilly, Tullow Community School, Contae Cheatharlach anseo…
- Niamh Lordan, Skibbereen Community School, Contae Chorcaí anseo…
- Daniel Clifford, Cork Educate Together Secondary School, Corcaigh anseo…

Is féidir teacht ar an *Padlet* chun cabhrú leis an seimineár gréasáin seo anseo…, agus is féidir teacht ar an *Leabhrán FGL* chun cabhrú leis an seimineár gréasáin seo anseo…




Ostáladh an seimineár gréasáin **Fostering resilience and supporting active engagement** i mí Dheireadh Fómhair 2020, agus na scoileanna ag oscailt arís i ndiaidh dhúnadh éigeandála náisiúnta ó mhí an Mhárta 2020 mar gheall ar phaindéim Covid 19. Is féidir breathnú ar thaifeadadh den seimineár gréasáin anseo…


Is féidir teacht ar an gcuid a bhí ag


- Áine Farrelly, St. Bricin's College, Béal Tairbirt, Contae an Chabháin anseo…
- Ben McCormack, Ballymahon Vocational School, Baile Uí Mhatháin, Contae an Longfoirt anseo…
- Denise Stenson, Ballinamore Community School, Béal an Átha Móir, Contae Liatroma anseo…

Is féidir teacht ar an *Padlet* chun cabhrú leis an seimineár gréasáin seo anseo…, agus is féidir teacht ar an *Leabhrán FGL* chun cabhrú leis an seimineár gréasáin seo (i gColún 1) anseo…

Is féidir teacht ar thuilleadh sonraí maidir leis an tsamhail (TPSR) Freagracht Phearsanta agus Shóisialta a Theagasc, mar a luaitear sa chaint ó Denise Stenson (thuas) ar fhíseán eolais ón CNCM ina leagtar amach TPSR mar shamhail chun cabhrú le Corpoideachas na Sraithe Sinsearaí. Is féidir an t-eolas seo a fháil anseo… (faoi Ábhair Bhreise).

------- ------- -------




Ostáladh an seimineár gréasáin **Supporting relevant learning during this challenging time** i mí Bhealtaine 2020. Is féidir breathnú ar thaifeadadh den seimineár gréasáin anseo…


Is féidir teacht ar an gcuid a bhí ag


- Amy Cotter, Virginia College, Achadh an Iúir, Contae an Chabháin (roimhe seo) anseo…
- David Gannon, Meánscoil Gharman, Inis Córthaidh Contae Loch Garman anseo…
- Patrick Donnelly, St. Colman's College, Mainistir Fhearmaí, Contae Chorcaí anseo…

Is féidir teacht ar an *Padlet* chun cabhrú leis an seimineár gréasáin seo anseo…, agus is féidir teacht ar an *Leabhrán FGL* chun cabhrú leis an seimineár gréasáin seo (i gColún 1) anseo…


## Cuid 3: Measúnú sa seomra ranga Corpoideachais ina mbíonn scaradh fisiceach

### Chorpoideachas sa tSraith Shóisearach – Príomhdhoiciméid








Tá an **sonraíocht do ghearrchúrsa Chorpoideachas** ar fail anseo…


Tá na **Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe** ar fáil anseo…

Tá an doiciméad thuas **'Ábhar Machnamh don phleanáil le haghaidh Folláine na Sraithe Sóisearaí 2020-21'**, a d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (Iúil 2020), ar fáil anseo…


Tá an doiciméad thuas '**Treoir maidir leis an bpróiseas don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair'**, a d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ar fáil anseo…

Tá **an Siollabas Corpoideachais** ar fáil anseo…

------- ------- -------








Is féidir teacht anseo… ar **Ciorclán 76/2020** a d'eisigh an ROS ina leagtar amach an *Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt ar leith don scoilbhliain 2020/21.*


Tá an doiciméad thuas '**Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna'**, a d'fhorbair an An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016), ar fáil anseo…


Tá an doiciméad thuas '**Treorlínte le haghaidh folláine sa tsraith shóisearreach'**, a d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2017), ar fáil anseo…

Tá an doiciméad thuas **Treoirlínte Tuairiscithe** (gorm) ar fáil anseo… Tá an chéad doiciméad éile

**'Tuairisciú leanúnach i gcomhair teagasc agus foghlaim éifeachtach'** (oráiste) ar fail anseo…


------- ------- -------














Tá na doiciméid thuas '**Díriú ar an bhFoghlaim**, a d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ar fáil anseo…

**Measúnú Foirmitheach sa Chorpoideachas**





*Dylan Wiliam - Measúnú Múnlaitheach Leabaithe [anseo…]()*




Tá na doiciméid thuas '**Díriú ar an bhFoghlaim**, a d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ar fáil [anseo…]()


**Straitéisí Seomra Ranga chun cabhrú le rannpháirtíocht ghníomhach**

Tá na *Straitéisí Seomra Ranga* ar fail anseo… (agus  straitéisí nua agus nuashonruithe anseo… )



## Cuid 3: Tuairisciú éifeachtach chun tacú le caighdeán an teagaisc agus na foghlama

### Sraith de Sheiminéair Ghréasáin SSM don Chorpoideachas




Ostáladh an seimineár gréasáin **Effective Reporting on Physical Education within Wellbeing** i mí Mharta 2020. Is féidir breathnú ar thaifeadadh den seimineár gréasáin anseo…

Is féidir teacht ar an *Padlet* chun cabhrú leis an seimineár gréasáin seo anseo…, agus is féidir teacht ar an *Leabhrán FGL* chun cabhrú leis an seimineár gréasáin seo (i gColún 1) anseo…

### Tuairisciú sa tSraith Shóisearach Corpoideachas chun tacú le caighdeán an teagaisc agus na foghlama

*Tugann an doiciméad gearr seo léargas ar phríomh theachtaireachtaí an tuairisciú i gCorpoideachas, i gcomhthéacs feidhmiú céimneach Creat na Sraithe Sóisearaí (ROS, 2015). Díríonn sé go sonrach ar conas a thuairisceofar an Corpoideachas in achar na foghlama ar Fholláine an scoláire ina bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) deireanach. Tá nascanna do dhoiciméid éagsúla san áireamh, Treoirlínte le haghaidh Folláine (CNCM, 2017) agus Treoilínte Tuairiscithe (CNCM, 2017). Doiciméad tacaíochta atá ann atá deartha mar áis do scoileanna agus iad ag tabhairt faoin gcleachtas tuairscithe i gCorpoideachas amach anseo.*

Mar atá leagtha amach i gCreat don tSraith Shóisearsach 2015:

> *'Tá sé i gceist go gcuirfidh tuairisciú na sraithe sóisearaí le forbairt phearsanta agus oideachasúil scoláirí, go dtacófar agus go gcuirfear bonn taca faoin bhfoghlaim agus faoin measúnú leanúnach, agus go mbeidh an tuairisciú inláimhsithe, inrochtana agus éifeachtach don scoil, don mhúinteoir, don scoláire agus don tuismitheoir/ chaomhnóir.' (L.48)*
>
> *'Cuideoidh an cur chuige i leith an tuairiscithe le scoláirí trí rianú a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus trí pháirt ghníomhach a bheith acu agus ag a dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí sa mhachnamh agus sa phlé ar an dul chun cinn san fhoghlaim. Léireofar meas ar bhreithmheas an mhúinteora agus beidh nasc soiléir le foghlaim, le teagasc agus le haiseolas cuiditheach a tharla sna ranganna.' (L.47)*
>
> *'Ba choir léargas cuimsitheach a thabhairt do thuismitheoirí/ chaomhnóirí ar fhoghlaim scoláirí.' (L.47)*

Mar aon leis sin, leagadh amach a leanas:

> *'Tuairisceofar sa PGSS ar ghnóthachtálacha scoláirí in achar na Folláine ó 2020 ar aghaidh. Sna treoirlínte a bheidh ullmhaithe ag an CNCM maidir le hachar na Folláine a thosú, a bhainistiú agus a mheas i scoileanna beidh fáil ar chomhairlefaoin tslí inar féidir le scoileanna dul chun cinn agus gnóthachtáil scoláirí a thuairisciú.' (L.49)*

Chuige sin, soláthraíonn na Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach miontreoir maidir le:

- Measúnú laistigh den Fholláine L.72
- Tuairisciú ar an bhFolláine sa chéad bhliain agus sa dara bliain L.73 agus

- Tuairisciú ar an bhFolláine i bPGSS L.75

Luaitear seo sa doiciméad a raibh forbartha ag an gCNCM i 2019 Pleanáil don Fholláine sa tSraith Shóisearach Roinnt Ceisteanna Coitianta áit a raibh tuilleadh eolais iniata maidir le Tuairisciú ar an bhFolláine.

> *Tá tuairisciú san Fholláine tábhachtach ar fud na dtrí bliana den tSraith Shóisearach agus tarlaíonn sé ar bhealaí éagsúla.*
>
> *Is í an aidhm atá le tuairisciú ar fhoghlaim scoláirí san Fholláine léargas a thabhairt ar an méid a d'fhoghlaim scoláirí faoin bhFolláine agus ar na scileanna a d'fhorbair said le cabhrú lena bhfolláine féin.*
>
> *An rud nach bhfuil i gceist le measúnú agus tuairisciú san Fholláine múinteoirí a bheith ag meas nó ag tuairisciú ar riocht suibiachtúil folláine scoláirí. Tá an bhéim ar fhianaise a bhailiú agus ar thuairisc a thabhairt ar an méid atá foghlamtha ag an scoláire faoin bhFolláine. L.6*

Is féidir le scoláirí a gcuid gnóthachtáil foghlama sa Chorpoideachas a phróifíliú, mar chuid den Chlár Folláine, ar an PGSS. Is féidir teacht anseo... ar *Ciorclán 76/2020* a d'eisigh an ROS ina leagtar amach an *Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt ar leith don scoilbhliain 2020/21*. Luaitear ann go...

> *Tá sé mar aidhm ag tuairisciú ar fhoghlaim na scoláirí sa chlár ar Fholláine pictiúr a sholáthar ar a bhfuil foghlamtha ag scoláirí maidir le folláine na scileanna atá forbartha acu chun tacú lena bhfolláine féin. Táthar ag súil go dtuairisceoidh scoileanna ar fhoghlaim na scoláirí maidir le folláine mar chuid den mheasúnú agus tuairisciú leanúnach le linn na Sraithe Sóisearai*
>
> *Déanfar tuairisciú ar Fholláine anois trí PGSS den chéad uair in 2021. Taispeánfar an Fholláine i réimse ar leith den PGSS. Is sa réimse sin a thuairisceoidh scoileanna ar ghnóthachtáil scoláirí in OSSP, OSPS agus Corpoideachas. Éascófar é sin trí úsáid a bhaint as na tuairiscíní a forbraíodh cheana féin agus a léiríonn an teanga chuí foghlama*
>
> - *Thar barr*
> - *Os cionn na nIonchas*
> - *Ag teacht le hIonchais*
> - *Ionchais le baint amach fós*
>
> *Áireofar i réimse Folláine PGSS spás bán do théacs ar féidir le scoileanna a úsáid chun tuairisciú ar ghnóthachtáil i bhFolláine i réimsí eile mar atá leagtha amach i mír 2.7. Is féidir tuilleadh eolais air sin a fháil i Lámhleabhar PGSS*

* *Fonóta:* Sa chás nach bhfuil scoláirí ag tabhairt faoin ngearrchúrsa, ba chóir go léireodh an tuairiscín a bhronnann an múinteoir foghlaim agus gnóthachtáil an scoláire le linn an chúrsa staidéir.



## Na hocht bprionsabail de thuairisciú éifeachtach

Tacaíonn na hocht bprionsabail de thuairisciú éifeachtach laistigh de *Threoirlínte Tuairiscithe* le scoileanna agus iad ag tabhairt faoin gcur chuige ina gcomhthéacs féin.

Ba cheart don tuairisciú éifeachtach na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Idirchaidreamh barántúil le tuismitheoirí a spreagadh
- Deiseanna a chur ar fáil don scoláire trí aiseolas chun machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim
- Meas a léiriú ar bhreithleanna gairmiúla múinteoirí
- Teanga na foghlama a úsáid chun aiseolas éifeachtach a chur ar fáil
- A bheith inláimhsithe agus gan am a bhaint den fhoghlaim agus teagasc
- Dul chun cinn i bhfoghlaim an scoláire a chur in iúl go soiléir
- Faisnéis a chur ar fáil ar réimse leathan de ghnóthachtáil
- Tuiscint a léiriú ar fhéinmheas agus ar fholláine ghinearálta an scoláire agus cur chuige ionchuimsitheach a ghlacadh

(*Treoirlínte Tuairiscithe*, lch.6 anseo…)

## Phrionsabail de thuairisciú i bhfócas: Meas a léiriú ar bhreithleanna gairmiúla múinteoirí

Faoi na socruithe nua arna leagan amach sa Chreat, bogfaidh múinteoirí ó bheith ag brath ar mharcanna agus ar thorthaí scrúduithe go dtí cur chuige a chothromaíonn na torthaí seo le breithniú méadaithe ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leis an scoláire, ag baint úsáid **as réimse d'fhianaise** ón bhfoghlaim laethúil **á breithniú de réir sraith de chritéir ratha nó Gnéithe Cáilíochta.**

(*Treoirlínte Tuairiscithe*, lch.6 anseo…)

Cuireann cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair **ar chumas múinteoirí comhleanúnachas a bhaint amach ar bhonn comhoibríoch ina mbreithiúnais** ar obair an scoláire **i gcoinne Gnéithe Cáilíochta coiteanna, a leagtar síos go seachtrach**. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeáin agus ar ionchais de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM.

(*Treoir maidir leis an bpróiseas don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair,* le fail anseo…)

Ceisteanna machnamhach

- Déanaim measúnú ar ghnóthachtáil na scoláirí agus **tagairt á déanamh agam** do chritéir ratha an cheachta, nó sraith de cheachtanna, agus úsáidim cuir chuige measúnú foirmitheach agus suimitheach araon chun dul chun cinn scoláirí a chur in iúl
- **Bailím fianaise** ar fhoghlaim scoláirí agus **úsáidim mo bhreithiúnas gairmiúil** chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairt a gcuid scileanna
- Cuirim **aiseolas ó bhéal agus scríofa** ar fáil do scoláirí bunaithe ar fhianaise a gcuid foghlama
- Tá **modh soiléir agus éifeachtúil** agam chun fianaise ar dhul chun cinn na scoláirí **a thaifeadadh** bunaithe ar mo bhreithiúnais ghairmiúla
- Bailím réimse d'**fhianaise ar mheasúnú** agus úsáidim é seo chun dul chun cinn scoláirí **a rianú agus monatóireacht a dhéanamh air**
- Bím **muiníneach faoi theacht ar bhreithiúnais ghairmiúla** faoi fheidhmiú scoláirí sna Measúnuithe Rangbhunaithe
- Úsáidim **critéir mheasúnaithe (m.sh. Gnéithe Cáilíochta)** agus déanaim machnamh ar shamplaí anótáilte de shaothar scoláirí nuair a bhím i mbun breithiúnais ghairmiúla faoi fheidhmíocht scoláirí sna Measúnuithe Rangbhunaithe

- Úsáidim plé sna cruinnithe **Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair** chun mo bhreithiúnais ghairmiúla ar mheasúnuithe rangbhunaithe a dheimhniú

*(Tuairisciú leanúnach i gcomhair teagasc agus foghlaim éifeachtach, anseo…)*







## Phrionsabail de thuairisciú i bhfócas: A bheith inláimhsithe agus gan am a bhaint den fhoghlaim agus teagasc

Aibhsíonn an Creat gur cheart go mbeadh an tuairisciú **éifeachtach, inláimhsithe agus cuí**. De réir na comhairle seo, **ní bheidh gá le hachoimre a dhéanamh ar gach gné de dhul chun cinn** an scoláire i ngach tuarascáil scríofa. Táthar ag súil freisin go **gcuirfidh múinteoirí formhór an aiseolais ar fáil don scoláire ó bhéal**. I dtaca le bainistíocht ar an bpróiseas tuairiscithe, beidh sé tábhachtach go bhfeiceann múinteoirí agus bainisteoirí scoile gur **rud ríthábhachtach í an dea-phleanáil**

D'fhéadfadh sé go mbeadh sé úsáideach ag múinteoirí freisin **an scoláire a bheith rannpháirteach i dtaifeadadh a dhul chun cinn féin** mar chuid den phróiseas tuairiscithe leanúnach

(*Treoirlínte Tuairiscithe*, lch.7 anseo…)

Ceisteanna machnamhach

- Déanaim cinneadh **ar an méid** faisnéise atá le taifeadadh ag brath ar na modhanna measúnaithe atáimid a úsáid
- **Úsáidim teicneolaíocht** a chabhraíonn le tuairisciú éifeachtach ar dhul chun cinn na scoláirí
- Ní bhailím **ach an t-eolas tábhachtach** ón méid a deir, a scríobhann, a chruthaíonn agus a dhéanann scoláirí, agus úsáidim é chun tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta acu.
- **Tugaim deis do scoláirí a bheith rannpháirteach agus a ndul chun cinn a thaifeadadh** trí iarraidh orthu an dul chun cinn sin a léiriú agus a thaifeadadh i gcoinne critéir ratha
- Úsáidim **logaí foghlama agus r-phunanna an scoláire** mar fhoinsí fianaise chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí

*(Tuairisciú leanúnach i gcomhair teagasc agus foghlaim éifeachtach, anseo…)*

## Cuir chuige scoilbhunaithe eile i leith an mheasúnaithe agus an tuairiscithe

Sna físeáin seo, labhraíonn múinteoirí faoina gcur chuige i leith measúnaithe agus tuairiscithe i gcomhthéacs an chéad téarma sa bhliain acadúil 2020 / 21, agus na scoileanna ag oscailt arís i ndiaidh dhúnadh éigeandála náisiúnta ó mhí an Mhárta 2020 mar gheall ar phaindéim Covid 19.

Beidh deis agat éisteacht le múinteoir ó Mheánscoil Gharman, Inis Córthaidh, Contae Loch Garman anseo… https://youtu.be/qeKlsxiZ2sc

Chomh maith le Meánscoil Gharman, Inis Córthaidh, Contae Loch Garman, labhair ceithre scoil eile faoina gcur chuige i leith an mheasúnaithe

- Coláiste Shruthán na Coille, Bré, Co. Chill Mhantáin anseo...
- Loreto College, Carraig an tSionnaigh, BAC 18 anseo...
- Abbey Vocational School, Dún na nGall anseo...
- Ballinamore Community School, Contae Liatroma anseo...

## Samplaí de thuairisciú sa chorpoideachas

*Mar réamhullmhúcháin don seimineár gréasáin (Márta 2020), d'oibrigh an SSM le cnuasach scoileanna chun gné amháin dá gcur chuige reatha a chíoradh go mion ó thaobh tuairisciú i gCorpoideachas de, ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Tá éagsúlacht i gcur chuige an chéad cúig shampla, agus an cúig shampla is deireanaí atá bunaithe ar a gcleachtas a fhorbairt laistigh de na deiseanna atá soláthartha faoin gCreat don tSraith Shóisearach. Tá na samplaí seo deartha le bheith ina gcrann taca do scoileanna a tugann faoin gcleachtas tuairiscithe i gCorpoideachas sna blianta rompu.*

<u>Scoil A: Punann an Scoláire</u>

*Iarraimid ar na scoláirí leabhar taifid phearsanta a choinneáil- 'Leabhrán an Chorpoideachais'. Tá cuid mhaith teimpléid scoláirí againn chun tacú le foghlaim sa rang agus chun cuidiú le scoláirí machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim i ndiaidh an ranga. Coinníonn siad an leabhrán céanna don trí bhliana agus iarrtar ar thuismitheoirí níthe éagsúla a shíniú le linn an tréimhse céanna. Usáidimid mar áis thuairisciú é ar an bhfoghlaim atá tarlaithe sa rang.*

<u>Scoil B – Cruinniú tuismitheora/ scoláire le réamhmhachnaimh an scoláire</u>

*Is foinse phríomhúil í an cruinniú tuismitheora chun tuairisciú a dhéanamh i gCorpoideachas inár scoil. Freastlaíonn an scoláire ar an gcruinniú in éindí lena dtuismitheoirí. Cúig bhliain ó shin b'iondúil nár thug tuismitheoirí cuairt ar an múinteoir Corpoideachais. Bhí sé mar aidhm ag an roinn, áfach, an nós rannpháirtíochta sin a chur chun cinn agus léiriú a dhéanamh ar an bhfoghlaim shaibhir a tharlaíonn sa rang. Seachtain roimh an gcruinniú, freagraíonn na scoláirí buncheisteanna faoina bhfoghlaim féin i gCorpoideachas, agus le linn an chruinniú, tuairiscíonn an scoláire ar an bhfoghlaim seo agus tugann an múinteoir mionaiseolais ar shaothar an scoláire.*

<u>Scoil C – Tuairiscí scríofa</u>

*Coinnímid taifead ar thinreamh agus ar rannpháirtíocht na scoláirí i ngach rang Corpoideachais agus úsáidtear an fáisnéis céanna lenár gcinntí a threorú i dtaca le tuairisciú. An príomh- mhodh measúnaithe ná an bhreathnóireacht neamhfhoirmeálta. Seoltar tuairiscí scríofa ar an gCorpoideachas abhaile dhá uair in aghaidh na bliana agus bíonn ráiteas anuas iniata ar ghníomhaíocht uile an scoláire le linn an bhloic foghlama. Mar aon le tuairiscí scríofa, is deis tuairiscithe iad na cruinnuithe tuismitheoirí ar fhoghlaim an scoláire.*

<u>Scoil D – Taifead Tinrimh agus Iompraíocht</u>

*Tá clár sainithe Corpoideachais á chur ar bun agam i mo scoil. An fhoirm thuairiscithe ba choitanta, go dtí seo, ná tinreamh ranga, iompraíocht an scoláire agus rannpháirtíocht (taifeadta gach seachtain). Táim ag feidhmiú mar bhall de fhócasghrúpa tuairiscithe uile scoile atá ag díriú ar structúir a fhorbairt timpeall foghlaim na scoláirí.*

<u>Scoil E – Tuairisciú ar mheasúnú sainfheidhme (tascanna saibhre/ buaicghníomhaíochtaí)</u>

*Anuas ar aiseolas leanúnach sa rang, cruthaímid modhanna tuairiscithe dea-mhéineach bunaithe ar mhodhanna measúnaithe na tascanna saibhre, mar shampla pleanáil agus machnamh ar shraith ghleacaíochta, machnamh ar fheidhmíocht le linn gníomh lúthchleasaíochta agus feidhmiú de réir noirm dá aois/ haois agus ghnéas/ gnéas. Go hiondúil, bíonn dhá cheann de na tuairiscí seo in aghaidh na bliana. Úsáidtear rúibric shimplí, roinnbhunaithe, agus aiseolas ó bhéal agus i scríbhinn chun tuairisciú chuig tuismitheoirí agus scoláirí ar a ngnóthachtálaí sna tascanna saibhre seo.*

Scoil F - Úsáid Mheasúnaithe Rangbhunaithe (MRB) le tuairisciú ar ghnóthachtáil an scoláire

*Bhíodh na tascanna saibhre againn i gcónaí ag deireadh na haonaid foghlama inár scoil. Táimid ag cur leo agus ag baint úsáide as Measúnú Rangbhunaithe (MRB) chun taifead gnóthachtála an scoláire a sholáthar. Tá deis ag an scoláire tuairisciú ar a eispéireas/ heispéireas foghlama féin toisc go bhfuil áit lárnach ag machnamh an scoláire in eispéireas an MRB. Mar aon leis an MRB i ndialann an scoláire agus an tuairisc scoile, tá an tuairisceoir atá bronnta agus aiseolas mar chuid den tuairisc scríofa do thuismitheoirí. Tá an tuairisceoir le bheith taifeadta ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) an scoláire chomh maith. Mar aon leis sin, ba dheis é an cruinniú AFMÁ tuairisciú lena chéile, mar mhúinteoirí Corpoideachais, ar dhul chun cinn na scoláirí.*

Scoil G – Ag tacú le scoláirí tuairisciú ar fhoghlaim i gCorpoideachas mar 'Réimsí eile folláine'

*D'aithníomar an acmhainneacht don Chorpoideachas sa PGSS nuadheartha inár scoil agus thapaíomar an deis i gcás 'Réimsí eile folláine', mar chuid de thuairisc shuimitheacht an scoláire. I gcuideachta na múinteoirí eile, OSSP agus OSPS, d'úsáideamar teanga na bPríomhscileanna agus Táscairí Folláine (Aguisín 1) agus muid ag plé bealaí chun tacú le scoláirí a ráitis a chur chun cinn. Faoi láthair tá cuid mhaith ráitis a bhaineann le Corpoideachas a roghnaíonn an scoláire dá ráitis deiridh féin. Tá scóip ann do roinnt scoláirí lena ráitis Corpoideachais féin a chumadh le haghaidh 'Réimsí eile folláine' ina bPGSS ach roghnaíonn roinnt scoláire eile ceann de ráitis na roinne atá againn. An bhliain seo chugainn, táthar ag súil leis an bpróiseas seo a fhorbairt thar an chéad bhliain agus an dara bliain.*

Scoil H – Aiseolas sonraithe an mhúinteora bunaithe ar na fianaise foghlama (féinmheasúnú/ féinmhachnaimh

*Is é an measúnú foirmitheach rangbhunaithe an modh tuairiscithe is láidre agus is cuspóirí, dar linne, agus plé go fóinteach leis na scoláirí nuair a thagann sé chuig an dtuairisciú. An clár is éifeachtaí do scoláirí chun tuairisciú ar a ngnóthachtálaí agus a bhfoghlaim féin ná an comhchruthú éifeachtach ina bhfuil soiléire ina n-intinní foghlama agus critéir ratha ar bhféidir leo iad féin a mheas. Beidh an fhianaise seo comthuigthe idir scoláirí agus tuismitheoirí agus aon phlé eatarthu.*

Scoil J – Socrú Spriocanna fócasaithe agus machnamh mar chuid den phunann

*San aimsir a chuaigh thart bhíodh punann a dhear an roinn Corpoideachais in úsáid againn chun scaoileadh leis na scoláirí a bhfoghlaim féin a shoiléirú agus taifead scoláirebhunaithe a bheith acu ar a gnóthachtálaí. Le dhá bhliain anuas, bhí sé d'aidhm againn an caidreamh idir tuismitheoirí agus an phunann a threisiú agus, mar sin, tá teimpléad bliaintúil ar shocrú spriocanna agus ar mhachnamh i bhfeidhm againn laistigh den phunann. Leagann na scoláirí a spriocanna féin amach ag tús na bliana agus siúlann siad siar orthu go machnamhach le linn agus ag deireadh na bliana. Déanann said amhlaidh le tacaíocht óna dtuismitheoirí agus a gcomhscoláirí agus tá a n-aistear foghlama sofheicthe dá bharr. Tá sé éirithe ina modh tuairiscithe soláimhsithe agus lánbhrí agus muid ag plé foghlaim an scoláire lena dtuismitheoirí. Bítear teanga na bPríomhscileanna agus Táscairí Foghlama (Aguisín 1) ina scafláil cuiditheach do scoláirí.*


Scoil K – Measúnú Suimitheach ar thuairiscí scríofa, agus aiseolas sa seomra ranga

*I scoil s'againne, bhímis dírithe ar aiseolas cuiditheach i gcás tuairiscí seolta abhaile um am Nollaig agus am Samhraidh ach go háirithe. Tá gluaiseacht ó bhosca anuas inár mbogearra tuairiscithe go dtí saorthéacs a iarrann ar mhúinteoirí a ráitis féin a chumadh sna tuairiscí. Tá teanga tuairiscithe déshraitheach forbartha ag an roinn de shaghas 'dhá ábhar molta agus mian amháin' agus 'gradam agus fís' ó thaobh ráitis Corpoideachais de. Tá sé seo ailínithe againn leis na tréimhsí measúnuithe eile thar na trí bliana, na MRB'anna san áireamh.*

## Foghlaim scoláirí sa Chorpoideachas a phróifíliú ar an PGSS

Is féidir teacht anseo... ar *Ciorclán 76/2020* a d'eisigh an ROS ina leagtar amach an *Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt ar leith don scoilbhliain 2020/21*. Luaitear ann go...

> *Déanfar tuairisciú ar Fholláine anois trí PGSS den chéad uair in 2021. Taispeánfar an Fholláine i réimse ar leith den PGSS. Is sa réimse sin a thuairisceoidh scoileanna ar ghnóthachtáil scoláirí in OSSP, OSPS agus Corpoideachas. Éascófar é sin trí úsáid a bhaint as na tuairiscíní a forbraíodh cheana féin agus a léiríonn an teanga chuí foghlama*
>
> - *Thar barr*
> - *Os cionn na nIonchas*
> - *Ag teacht le hIonchais*
> - *Ionchais le baint amach fós*




Tá an sonraíocht do ghearrchúrsa Chorpoideachas ar fail anseo...


Tá na **Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe** ar fáil anseo...

Tá an doiciméad thuas '**Treoir maidir leis an bpróiseas don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair'**, a d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ar fáil anseo...

Cabhraigh le do chuid scoláirí measúnú rangbhunaithe a dhéanamh agus fianaise ar fhoghlaim a bhailiú, agus an chomhairle mheasúnaithe atá leagtha amach sna *Treoirlínte Measúnaithe* in úsáid → Déan breithiúnas ar ghnóthachtáil scoláire, agus na Gnéithe Cáilíochta atá leagtha amach sna Treoirlínte Measúnaithe in úsáid → Tabhair faoin bpróiseas AFMÁ chun cabhrú le do bhreithiúnas → Tuairiscigh ar ghnóthachtáil an scoláire ag an am, agus ar an PGSS

*Féadfar measúnuithe a mhodhnú chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí a leanann Clár Foghlama Leibhéal 1 nó 2

------- ------- -------




Tá **an Siollabas Corpoideachais** ar fáil anseo...

Is féidir teacht anseo... ar *Ciorclán 76/2020* a d'eisigh an ROS ina leagtar amach an *Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt ar leith don scoilbhliain 2020/21*.

Dear measúnú bunaithe ar do dhoiciméad curaclaim (thuas) a thagann a bheag nó a mhór le Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, chomh maith le critéir ratha ghaolmhara → Cabhraigh le do chuid scoláirí an measúnú seo a dhéanamh agus fianaise a bhailiú ar a gcuid foghlama → Breithiúnas a dhéanamh ar ghnóthachtáil an scoláire, agus na critéir ratha in úsáid → Dul i mbun comhrá gairmiúil, cosúil le cruinniú AFMÁ, chun cabhrú le do bhreithiúnas → Tuairiscigh ar ghnóthachtáil an scoláire ag an am, agus ar an PGSS

* I gcomhthéacs tacú le riachtanais foghlaimeoirí a leanann Cláir Foghlama Leibhéal 1 nó Leibhéal 2, ba cheart measúnuithe atá deartha a ailíniú go leathan le Leibhéal 1 nó Leibhéal an NFQ

**Aguisín A: Na torthaí foghlama as an gearrchúrsa corpoideachais atá forbartha ag CNCM**

Tá ceithre snáithe sa **gearrchúrsa corpoideachais atá forbartha ag CNCM (le fáil anseo...)**

- Gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte agus na folláine
- Cluichí
- Dúshláin aonair agus foirne; agus
- Damhsa agus gleacaíocht

Tá na torthaí foghlama (thíos) as lch.14-17 den gearrchúrsa corpoideachais atá forbartha ag CNCM

Snáithe 1: Gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte agus na folláine

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire*

1.1 spriocanna SICRU a shocrú bunaithe ar a thorthaí corpacmhainne a bhaineann le sláinte agus/nó feidhmiú, faoi réir na norm dá aois agus dá ghnéas

1.2 prionsabail na traenála a chur i bhfeidhm laistigh de chlár pearsantaithe le haghaidh gníomhaíocht choirp (sé seachtaine ar a laghad) arna cheapadh chun feabhas a chur ar a chorpacmhainn ar son a shláinte agus/nó a bhaineann le feidhmiú, agus taifead a choinneáil ar a dhul chun cinn

1.3 a rannpháirtíocht agus a dhul chun cinn sa chlár a mheas, ag tabhairt fianaise ar dhul chun cinn a dhéantar agus ag sainaithint bealaí inar bhféadfadh sé forbairt tuilleadh

1.4 réimse teicnící tomhais a úsáid chun monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar leibhéil gníomhaíocht choirp thar thréimhse leanúnach ama

1.5 réimse straitéisí a shainaithint chun tacú le rannpháirtíocht leanúnach i ngníomhaíocht choirp a bhaineann leis an tsláinte

1.6 gníomhaíochtaí coirp a thaitníonn le daoine óga a stiúradh, gníomhaíochtaí ar féidir leo tabhairt fúthu chun na híosmholtaí le haghaidh gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte a bhaint amach.

Snáithe 2: Cluichí

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire*

2.1 réimse leathan scileanna agus straitéisí luaile a úsáid go héifeachtach chun a fheidhmiú féin a fheabhsú

2.2 freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a fheidhmiú féin, bunaithe ar láidreachtaí agus riachtanais forbartha phearsanta

2.3 gníomhaíochtaí a leasú chun cuimsiú agus taitneamh a chur chun cinn go sábháilte

2.4 gníomhaíochtaí a léiriú chun feabhas a chur ar a chorpacmhainn ar son a sláinte agus/nó a bhaineann le feidhmiú le haghaidh cluiche áirithe, lena n-áirítear réamhaclaíocht agus fuarú

2.5 freagairt, ina aonair agus mar bhall foirne, do chásanna difriúla cluichí

Snáithe 3: Dúshláin aonair agus foirne

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire*

**Treodóireacht agus dúshláin foirne**

3.1 straitéisí treodóireachta agus scileanna léamh léarscáileanna a úsáid chun imeachtaí éagsúla treodóireachta a dhéanamh go sábháilte agus go muiníneach, ag léiriú measa ar an gcomhshaol

3.2 cur le dúshláin foirne a éilíonn comhoibriú agus scileanna réitithe fadhbanna chun sprioc chomónta a bhaint amach

3.3 machnamh ar a chion pearsanta féin agus ar éifeachtúlacht a fhoirne i dtaca le dúshlán grúpa a chur i gcrích.

**Uiscíocht**

3.4 feidhmiú go hinniúil agus go muiníneach i réimse de bhéimeanna snámha

3.5 freagairt go cuí do réimse cásanna sábháilteacht uisce

3.6 freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a fheidhmiú féin, bunaithe ar láidreachtaí agus riachtanais forbartha phearsanta

**Lúthchleasaíocht**

3.7 léiriú go hinniúil, go muiníneach agus go sábháilte i réimse imeachtaí lúthchleasaíochta

3.8 gníomhaíochtaí a léiriú le feidhmiú a fheabhsú in imeachtaí lúthchleasaíochta, lena n-áirítear ullmhú fisiciúil agus meabhrach

3.9 freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a fheidhmiú féin, bunaithe ar láidreachtaí agus riachtanais forbartha phearsanta

Snáithe 4: Damhsa agus gleacaíocht

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire*

4.1 damhsa a chruthú leis féin nó le daoine eile, ina bhfuil stíl roghnaithe damhsa agus réimse de theicnící cóiréagrafacha agus frapaí oiriúnacha agus ceol Nó

4.2 sraith luailí nó gnáthamh a chruthú bunaithe ar théama gleacaíochta (leis féin nó le daoine eile), agus réimse de theicnící cumadóireachta agus de scileanna gleacaíochta a chuimsiú ann

4.3 a léiriú a bheachtú de réir critic ar fhíseán dá léiriú agus/nó aiseolais ó dhaoine eile

4.4 an tsraith luailí damhsa/gleacaíochta a léiriú do lucht féachana agus ceol agus/nó frapaí cuí á gcuimsiú

4.5 machnamh a dhéanamh ar an taithí a fuair sé ag cruthú léiriú agus ag glacadh páirte ann

## Aguisín B: Measúnú Rangbhunaithe sa Chorpoideachas (gearrchúrsa)

*As lch.8-9 den **Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe,** ar fail* anseo…

Forbraíonn ceithre shnáithe an ghearrchúrsa corpoideachais eolas agus tuiscint an scoláire ar raon leathan scileanna sícealuaile. Ar an gcúis sin, áirítear sna treoirlínte measúnaithe seo measúnuithe difriúla a dearadh go sonrach chun fianaise ar fhoghlaim an scoláire i ngach ceann de na snáitheanna seo a ghabháil. Go teoiriciúil, d'fhéadfadh Measúnú Rangbhunaithe an scoláire a theacht ó cheann ar bith de na measúnuithe seo. Dearadh na measúnuithe chun an scoláire a spreagadh le feabhas foriomlán a bhaint amach sa ghníomhaíocht choirp a roghnaíodh.

Éilíonn gach measúnú ar an scoláire machnamh gairid a dhéanamh freisin. Tá sé tábhachtach bealaí difriúla machnaimh a chur ar fáil lena chinntiú nach n-éireoidh an scoláire bréan den phróiseas ach go mbeidh sé spreagtha agus suim aige ann agus san fhiúntas a bhaineann leis. Féadfaidh an scoláire a mhachnamh a chur isteach i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear formáidí scríofa, físe agus closfhormáidí. Tá ráitis shamplacha i gcomhair machnaimh in Aguisín 1. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir obair a dhéantar sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach a áireamh don tuairisciú sa PGSS.

Chun críche an Mheasúnaithe Rangbhunaithe, ba chóir don scoláire dul faoi dhá mheasúnú ar a laghad, measúnú amháin i ngach bliain den ghearrchúrsa más féidir. Nuair a dhéanann scoláire measúnú ag deireadh snáithe, ba chóir go bhfaigheadh sé tuairisceoir don mheasúnú ag an am sin. Ach d'fhéadfadh an tuairisceoir sin athrú tar éis an chruinnithe athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú. Is é an Measúnú Rangbhunaithe a thuairiscítear ar Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí de chuid an scoláire an measúnú a fuair an tuairisceoir is airde.

Leagtar amach thíos na measúnuithe do Shnáitheanna 1, 2, 3 agus 4. I ngach ceann de na measúnuithe seo, is gá don scoláire machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama sa snáithe.

Snáithe 1 Gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte agus na folláine

*Clár Pearsanta Gníomhaíochta Coirp*: Déantar measúnú ar chumas an scoláire chun pleanáil a dhéanamh I gcomhair a chláir phearsanta gníomhaíochta coirp agus lena chur i bhfeidhm agus a mheas chun a chuid spriocanna feabhsúcháin phearsanta féin a chomhlíonadh thar thréimhse ama ar leith.

Snáithe 2 Cluichí

*Measúnú Feidhmíochta i gCluichí*: Déantar measúnú ar chumas an scoláire chun raon leathan scileanna agus straitéisí gluaiseachta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go cruthaitheach agus go héifeachtach i gcás cluiche ionsaitheach agus cosantach i gcluiche **amháin.**

Snáithe 3 Dúshláin aonair agus foirne

Déantar measúnú ar an scoláire i gceann **amháin** de na réimsí gníomhaíochta coirp seo a leanas:

*Imeacht Treodóireachta Foirne*: Déantar measúnú ar fheidhmíocht an scoláire in imeacht treodóireachta foirne, inar gá raon scileanna a léiriú maidir le léamh léarscáileanna, straitéisí treodóireachta agus obair foirne.

**Nó**

*Measúnú Feidhmíochta san Uiscíocht*: Déantar measúnú ar chumas an scoláire freagairt go héifeachtúil agus go sábháilte do chás a bhaineann le sábháilteacht ar an uisce, lena n-áirítear, nuair is cuí, dul isteach san uisce agus snámh chun teacht slán.

**Nó**

*Measúnú Feidhmíochta sa Lúthchleasaíocht*: Déantar measúnú ar scil agus teicníc an scoláire in imeacht lúthchleasaíochta amháin.

Snáithe 4 Damhsa agus gleacaíocht

*Measúnú Feidhmíochta sa Damhsa/Ghleacaíocht*: Déantar measúnú ar fheidhmíocht an scoláire ina thaibhiú grúpa deiridh sa damhsa nó sa ghleacaíocht.

Tá tuilleadh faisnéise ar fail ar lch.9-23 den ***Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe*** anseo…

**Aguisín C:** **Cur chuige chun cabhrú le pleanáil chomhoibríoch laistigh sa chorpoideachas**

CUR CHUIGE PLEANÁLA SAMPLACH - AONAD FOGHLAMA

Bliain ___________ Fad an Aonaid ___________ Dáta _________

'Torthaí foghlama i bhfócas' – Cad iad na torthaí foghlama a chuirfidh bonn eolais faoin aonad seo?

Príomhfhoghlaim – Cad é an phríomhfhoghlaim a dtabharfar fúithi?

Fianaise ar fhoghlaim – Cén chaoi a mbeidh a fhios agam gur tharla an fhoghlaim seo?

Eispéiris foghlama – conas a tharlóidh an fhoghlaim seo?

Acmhainní

Naisc thraschuraclaim fhéideartha ar fud na Folláine

Machnamh




Pleanáil Chomhoibríoch Éifeachtach Póstaer Anseo... Físeán Anseo...

Aguisín D

# Corpoideachais – Achoimre Cúrsa Shamplaigh

**Múinteoirí:** ______ **Athbhreithniú:** ______ **Dáta don chéad athbhreithniú eile:** ______

| | Samhradh – Meántéarma 1 | Meántéarma 1 – Nollaig | Nollaig – Meántéarma 2 | Meántéarma 2 – Cáisc | Cáisc – Samhradh | Am |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bliain 1**<br>Teideal Aonaid<br>Torthaí foghlama<br>Measúnú<br>Tuairisciú | | | | | | |
| **Bliain 2**<br>Teideal Aonaid<br>Torthaí foghlama<br>Measúnú<br>Tuairisciú | | | | | | |
| **Bliain 3**<br>Teideal Aonaid<br>Torthaí foghlama<br>Measúnú<br>Tuairisciú | | | | | | |

# Corpoideachais – Achoimre Cúrsa Shamplaigh

**Múinteoirí:** Siobhan O'Leary, Matt O'Brien **Athbhreithnú ag:** Lúnasa 2016 **Dáta an chéad athbhreithnithe eile** Lúnasa 2017

| | Samhradh – Lár Téarma 1 | Lár Téarma 1 – Nollaig | Nollaig – Lár Téarma 2 | Lár Téarma 2 – Cáisc | Cáisc – Samhradh | Am |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bhlian 1**<br>**Teideal an Aonaid**<br>**Torthaí Foghlama**<br>**Measnú**<br>**Tuairisciú** | *Settling in…*<br>FMS and Introduction to Games<br>2.1 2.2 2.3 2.4<br>Games Making Rich Task | *Being Organised & Confident*<br>Aquatics<br>3.4 3.5 3.6 1.3<br>Water Safety Task 'Personal Development' Poster Task<br>Christmas Reflection Christmas Report | *Expressing Myself with my Partner*<br>Gymnastics 1<br>4.2 4.3 4.4 4.5<br>Group Sequence Rich Task<br>PT Meeting | *Monitoring my Performance*<br>*PA for Health and Wellbeing / Athletics*<br>*3.7 3.8 3.9 1.4 1.5*<br>*Athletics Meet Rich Task* | *Working with my Team*<br>Games - Invasion<br>2.1 2.2 2.4 2.5 1.6<br>Sport Education Rich Task and Summer Reflection<br>Summer Report | 2 x 40min class/ week<br>80 min<br>44hrs |
| **Bhlian 2**<br>**Teideal an Aonaid**<br>**Torthaí Foghlama**<br>**Measnú**<br>**Tuairisciú** | *Strand 3*<br>Indiv & Team Challenges Athletics<br>1.1 1.3 3.7 3.8 3.9<br>Personal Athletics Profile | *Strand 4*<br>Gymnastics<br>1.2 4.2 4.3 4.4 4.5<br>**Group Sequence**<br>Christmas Reflection<br>Christmas Report | *Strand 3*<br>Indiv. & Team Challenges Adventure Activities<br>3.1 3.2 3.3<br>Orienteering Event | *Strand 2*<br>Games - Divided Court<br>1.2 2.1 2.2 2.3 2.4 2.5<br>**Tournament Challenge**<br>PT Meeting | *Strand 1*<br>PA for Health and Wellbeing<br>1.1 1.2 1.3<br>4-Week PA Programme & Summer Reflection (5km interclass event)<br>Summer Report | 2 x 40min class/ week<br>80 min<br>44hrs |
| **Bhlian 3**<br>**Teideal an Aonaid**<br>**Torthaí Foghlama**<br>**Measnú**<br>**Tuairisciú** | *Strand 1 and 3*<br>Athletics / PA for Health and Wellbeing<br>3.7 3.8 3.9 1.1 1.2 1.4 1.5<br>Athletics PA Programme Design<br>PT Meeting | *Strand 1*<br>PA for Health and Wellbeing<br>1.2 1.3 1.4 1.5 1.6<br>**6 Week Programme**<br>Christmas Report | *Strand 4*<br>Dance<br>4.1 4.3 4.4 4.5<br>Group Routine & Christmas Reflection | *Strand 3*<br>Indiv. & Team Challenges Adventure Activities<br>3.1 3.2 3.3<br>**Orienteering Event** | *Strand 1 and 2*<br>Games<br>1.1 1.2 1.6 2.3 2.5<br>4-Week PA Programme (7km Community Event) & Summer Reflection<br>JCPA | 2 x 40min class/ week<br>80 min<br>44hrs |

# Corpoideachais – Achoimre Cúrsa Shamplaigh

**Múinteoirí:** ______ **Athbhreithnú ag:** ______ **Dáta an chéad athbhreithnithe eile:** ______

| | MF go Samhain | Samhain go Nollaig | Nollaig go Cáisc | Cáisc go Samhradh |
|---|---|---|---|---|
| **Bliain 1 Teideal** | *Ag sú isteach Bunscileanna Iompar Lúthchleasaíocht* | *Sraith 3 Cispheil* | *Sraith 4 Gleacaíocht* | *Sraith 1 Corpachmainne ar son na Sláinte agus Folláine 1* |
| **Torthaí Foghlama** | 3.7 3.8 1.6 2.1 | 2.1 2.2 2.3 2.4 2.5 | 4.2 4.3 4.4 4.5 1.6 | 1.1 1.3 1.4 1.5 |
| **Measúnú** | Féin agus piarmheasúnu le tacaíocht ó bhileog oibre | Comórtas Ranga | MRB | Próifíl Gníomhacha |
| **Tuairisciú** | Aisleolas sa rang | Tuairisc na Nollag | Cruinniú Tuistí | Tuairisc an tsamhraidh |
| **Bliain 2 Teideal** | *Sraith 3 Lúthchleasíocht* | *Sraith 2 Sacar* | *Sraith 1&3 Corpachmainne ar son na Sláinte agus Folláine 2* | *Sraith 2 Mionchluichí Buaileadh Cricéid, Corr, Iomáint Beag* |
| **Torthaí Foghlama** | 3.7 3.8 3.9 | 1.6 2.1 2.2 2.3 2.5 | 1.2 1.3 1.4 1.5 3.1 3.2 3.3 | 1.3 1.6 2.1 2.2 2.5 3.9 |
| **Measúnú** | MRB agus AFMÁ | Corn Domhanda Oideachais Spóirt | Próifíl Gníomhacha | Comórtais Ranga |
| **Tuairisciú** | Tuairisc na Nollag | Cruinniú Tuistí | Aiseolas sa Rang | Tuairisc an tSamhraidh |
| **Bliain 3 Teideal** | *Sraith 2 Eitpheil* | *Sraith 2 Mionchluichí Caithimh Frisbee, Liathróid láimbe oilimpeacha, Líonpheil* | *Sraith 1 Corpachmainne ar son na Sláinte agus Folláine 3* | *Súil siar an an gcúrsa* |
| **Torthaí Foghlama** | 2.1 2.2 2.3 2.4 2.5 4.3 | 1.3 1.6 2.1 2.2 2.5 3.9 | 1.1 1.2 1.3 1.4 1.5 | *Rogha na nDaltaí* |
| **Measúnú** | Comórtas Ranga | Comórtais Ranga | MRB agus AFMÁ | |
| **Tuairisciú** | Cruinniú Tuistí | Cruinniú Tuistí | Tuairisc Scoile | |

## Aguisín E: Tacú chun guth na scoláirí a chur chun cinn

*Sliocht as lch.6 de* ***'Ábhar Machnamh don phleanáil le haghaidh Folláine na Sraithe Sóisearaí 2020-21', a d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (Iúil 2020),*** *ar fáil* [anseo…]()

> *Tá sé riachtanach dul i gcomhairle le scoláirí mar tá a fhios ag daoine óga cad iad na gnéithe den Fholláine a gcaithfidh siad foghlaim fúthu. Tríd an saineolas seo a cheangal le saineolas a múinteoirí agus an churaclaim mar a shonraítear, cumasófar foghlaim níos ábhartha agus níos tarraingtí maidir le Folláine. Má tá baint ag scoláirí leis an gclár Folláine a mhúnlú is mó an seans go soláthróidh sé an cineál foghlama a theastaíonn ó dhaoine óga chun dul i ngleic leis na dúshláin agus deiseanna reatha. Ina theannta sin, cuidíonn dul i gcomhairle le scoláirí ar a gcuid foghlama lena n-éifeachtúlacht a thógáil, feabhsaíonn sé a rannpháirtíocht leis an scoil agus a nasc léi agus cuireann sé caidreamh dearfach idir scoláirí agus múinteoirí chun cinn. Is féidir uirlisí praiticiúla chun tacú le scoileanna agus chun cuidiú leo guth na scoláirí a chur chun cinn a íoslódáil ón suíomh gréasáin Our Voices Our Schools atá á fhorbairt ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ag [www. ourvoicesourschools.ie]() . Féach freisin [https://ncca. ie/ga/an-tsraith-shóisearach/folláine]() le haghaidh samplaí den chaoi ar thug scoileanna páirt do scoláirí i bpleanáil don fholláine.*

Is í an aidhm ata leis an seicliosta sin chun a chinntiú go mbíonn an spás ag leanaí a gcuid tuairimí a chur in iúl; a nguth a thabhairt; lucht éisteachta a bheith acu dá dtuairimí; agus tionchar a bheith ag a gcuid tuairimí.

**SPÁS**

- Ar ghníomhaigh tú chun tuairimí do scoláirí a lorg?
- An raibh spás sábháilte ar fáil ina bhféadfadh na scoláirí iad féin a chur in iúl go héasca?
- Ar tógadh céimeanna chun a chinntiú gur féidir le gach scoláire a bheith rannpháirteach?

**GUTH**

- Ar tugadh eolas cuí do na scoláirí le bheith in ann barúil a nochtadh?
- An bhfuil a fhios ag scoláirí nach gá dóibh a bheith rannpháirteach?
- Ar tugadh réimse roghanna do scoláirí ionas gur féidir leo an dóigh is mian leo iad féin a chur in iúl a roghnú?

**ÉISTEACHT**

- An bhfuil nósanna imeachta in áit chun go mbeidh tuairimí na scoláirí á roinnt agus á chloisteáil?
- An bhfuil a fhios ag scoláirí cé leis a mbeidh a gcuid tuairimí á roinnt?
- An bhfuil cumhacht ag an duine / ngrúpa sin le cinntí a dhéanamh?

**TIONCHAR**


- An bhfuil cumhacht ag an duine / ngrúpa sin a d'éist le tuairimí na scoláirí le cinntí a dhéanamh?
- An bhfuil nósanna imeachta in áit a chinnteoidh go nglactar dáiríre le tuairimí na scoláirí?
- Ar tugadh aiseolas do na scoláirí agus do na daoine óga chun na cinntí a tógadh a mhíniú?

## Aguisín F: An Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)

Is creat 10 leibhéal é an CNC ina bhfuil cuid mhór cineálacha agus méideanna éagsúla cáilíochtaí a bhíonn á gcur ar fáil ag soláthróirí oideachais in Éirinn. Áirítear ar na cáilíochtaí sa CNC:

- an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht
- na teastais, dioplómaí agus céimeanna a bhíonn á gcur ar fáil ag ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus coláistí príobháideacha ardoideachais
- na cáilíochtaí breisoideachais agus breisoiliúna (gradaim bhreisoideachais) a bhíonn á gcur ar fáil ag coláistí agus a bhíonn á rith ag na Boird Oideachais agus Oiliúna.

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil anseo... (lch.8)




Tá gach den abhair agus ghearrchúrsaí ailínthe ar an iomlán le Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Do ghrúpa beag scoláirí le mór-riachtanais speisialta oideachais, tá fáil ar aonaid tosaíochta foghlama (ATFanna) agus ghearrcursaí ag Leibhéal 2.

*Forbraíodh an gearrchúrsa seo ar aon dul leis na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. De ghnáth bíonn baint ag an eolas, ag an scil agus ag an inniúlacht a ghnóthaítear le haghaidh theistiúchán agus dhámhachtainí Leibhéal 3 le forbairt phearsanta, le rannpháirteachas sa tsochaí agus sa phobal, le fostaíocht, agus le fáil ar oideachas agus ar oiliúint bhreise.*

| | |
|---|---|
| **Leibhéal an Chreata *Náisiúnta Cáilíochtaí*** | *3* |
| **Eolas** *Fairsinge* | *Raon sách fairsing eolais* |
| **Eolas** *Cineál* | *Tagairt nithiúil den chuid is mó agus roinnt tuisceana ar an ngaol idir gnéithe eolais* |
| **Fios gnó agus scil** *Raon* | *Raon teoranta scileanna agus uirlisí praiticiúla agus cognaíocha a thaispeáint* |
| **Fios gnó agus scil** *Roghnaíocht* | *Roghnú ó raon teoranta gnásanna éagsúla agus réitigh ar eolas a chur i bhfeidhm ar raon teoranta d'fhadhbanna intuartha* |
| **Inniúlacht** *Comhthéacs* | *Gníomhú laistigh de raon teoranta comhthéacsanna* |
| **Inniúlacht** *Ról* | *Gníomhú faoi threoir le neamhspleáchas teoranta; feidhmiú i ngrúpaí aonchineálacha a bhfuil cleachtadh orthu* |
| **Inniúlacht** *Foghlaim le foghlaim* | *Foghlaim le foghlaim i dtimpeallacht bhainistithe* |
| **Inniúlacht** *Léargas* | *Glacadh le freagracht theoranta as leanúnachas féintuisceana agus iompair* |

*(As an t-sonraíocht do ghearrchúrsa Chorpoideachas* ar fail anseo…

## Aguisín G: Fadhbcheartú: Na hamhairc is fearr agus muid sna *Seomraí ar an Imeall*

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

### Fadhbcheartú: Na hamhairc is fearr agus muid sna *Seomraí ar an Imeall*

Má tá ríomhaire glúine á úsáid agat (an rogha is fearr), b'fhiú duit dhá fhuinneog a bheith oscailte ionas gur féidir leat oibriú ar an *'Spás Comhroinnte'* agus a bheith fós in ann do chomhghleacaithe a fheiceáil agus a chloisteáil in *'Zoom'*

Fuinneog 1: *'Spás Comhroinnte'* trí do bhrabhsálaí gréasáin

Fuinneog 2: *'Cruinniú Zoom'* in Zoom



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

### Fadhbcheartú: Na hamhairc is fearr agus muid sna *Seomraí ar an Imeall*

Má tá táibléad á úsáid agat, ní féidir dhá fhuinneog a bheith oscailte agat.

Is féidir leat scoránú / athrú idir ...


Amharc 1: *'Spás Comhroinnte'*

Amharc 2: *'Cruinniú Zoom'*

...ach an *cnaipe baile* a bhrú faoi dhó (dearg san íomhá)

Agus tú i *'Spás Comhroinnte'*, is féidir labhairt le comhghleacaithe cé nach féidir leat iad a fheiceáil

Apple



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

### Fadhbcheartú: Na hamhairc is fearr agus muid sna *Seomraí ar an Imeall*

Má tá táibléad á úsáid agat, ní féidir dhá fhuinneog a bheith oscailte agat.

Is féidir leat scoránú / athrú idir ...


Amharc 1: *'Spás Comhroinnte'*

Amharc 2: *'Cruinniú Zoom'*

...ach an cnaipe scoránaithe a bhrú (dearg san íomhá)

Agus tú i *'Spás Comhroinnte'*, is féidir labhairt le comhghleacaithe cé nach féidir leat iad a fheiceáil

Samsung



**Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM)**

Seirbhís Tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna

Oifig Riaracháin:
Ionad Oideachais Mhuineacháin | Bóthar Ard Mhacha | Muineachán
Teil.: 047 74008

Oifig an Stiúrthóra:
BOOLM | Sráid an tSéipéil | Dún Dealgan
Teil.: 042 9364603

## Suímh Idirlín Úsáideacha

http://www.jct.ie/

The JCT website provides detail of CPD opportunities to support school and teachers specific to the new Framework. It will include information, relevant resources and materials details of upcoming events

https://www.ncca.ie/en

The NCCA is a statutory Council and its brief is to advise the Minister for Education and Skills on curriculum and assessment for early childhood education and for primary and post-primary schools.

http://www.curriculumonline.ie/

At this NCCA-hosted website, you can view the curriculum, examples of student work, and a variety of assessment support options

http://www.pdst.ie/Physical-Education-Main

The PDST Health and Wellbeing team aim to provide high quality professional development and support that empowers teachers and schools to provide the best possible education for all pupils/students

http://ncse.ie/ http://www.sess.ie/

The role of the Special Education Support Service (SESS) is to enhance the quality of learning and teaching in relation to special educational provision

http://activeschoolflag.ie/

The Active School Flag (ASF) is awarded to schools that strive to achieve a physically educated and physically active school community. The process aims to get more schools, more active, more often.

http://www.peai.org/

The Physical Education Association of Ireland is the professional association for physical education professionals in Ireland

http://www.pepaysireland.com/

PEPAYS Ireland will be recognised as a research centre that influences policy and practice at a national and international level in advancing the health and well-being of populations in the areas of physical education, sport, physical activity and health.

http:// www.pexpoireland.com/

Physical Education Expo encourages secondary school students to enter a theory-based project to demonstrate learning in PE.